V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11131 – PIERER / LEONI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 194/07)

1. An 17 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Dipl. Ing. Stefan Pierer ('an tUas. Pierer', an Ostair), duine nádúrtha,

— LEONI AG, cuideachta atá liostaithe go poiblí ('LEONI', an Ghearmáin). Níl tionchar cinntitheach ag aon cheann dá scairshealbhóirí ar LEONI.

Gheobhaidh an tUas. Pierer rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar LEONI.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Pierer Industrie AG ('PIAG') faoi rialú ag an Uas. Pierer. Is grúpa infheistíochta tionsclaíoch Ostarach é PIAG atá gníomhach i ngluaisrothair, rothair leictreacha agus comhpháirteanna do dhé-rothaigh chumhachtaithe a tháirgeadh agus a dháileadh; i gcórais mheicniúla ardteicneolaíochta a fhorbairt, a tháirgeadh, a chothabháil agus a dháileadh le haghaidh comhpháirteanna dinimiciúla don rásaíocht, do ghluaisteáin sóchais agus don aerloingseoireacht; agus i gcoscáin, caidéil agus comhpháirteanna innill atá éifeachtúil ó thaobh CO_2 de a tháirgeadh. Tá PIAG gníomhach ar fud an domhain,

— Is soláthraí domhanda táirgí, réiteach agus seirbhísí é LEONI don bhainistiú fuinnimh agus sonraí i dtionscal na ngluaisteán. Go sonrach, soláthraíonn LEONI cáblaí caighdeánaithe agus cáblaí sonraí do chórais sreangaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11131 – PIERER / LEONI

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË